



An Bhruiséil, 1 Aibreán 2026
(OR. en)

7945/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0085 (COD)

CLIMA 172
ENV 308
ENER 158
TRANS 194
AGRI 242
COMPET 394
ECOFIN 410
CODEC 591

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	1 Aibreán 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 153 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a bhaineann le scor de neamhbhailíochtú lamháltas i gcúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 153 final.

Faoi iamh: COM(2026) 153 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 1.4.2026
COM(2026) 153 final

2026/0085 (COD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a bhaineann le scor de
neamhbhailíochtú lamháltas i gcúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Le Treoir (AE) 2018/410¹ leasaíodh Cinneadh (AE) 2015/1814² i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh (CCCM) a fheidhmiú i gcomhair scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (CTA AE). Ba é an cuspóir a bhí leis sin éifeachtacht agus cobhsaíocht CTA AE a fheabhsú san fhadtéarma, lena n-áirítear lamháltas a neamhbhailíochtú ó 2023 ar aghaidh, sa chúlchiste os cionn tairseach atá cothrom leis an líon iomlán lamháltas a cuireadh ar ceant le linn na bliana roimhe sin. Athraíodh an tairseach sin le Treoir (AE) 2023/959³ ó thairseach dhinimiciúil go tairseach sheasta 400 milliún lamháltas ó 2024 ar aghaidh, chun a áirithiú go mbeidh an leibhéal lamháltas sa chúlchiste intuartha.

Le Cinneadh (AE) 2015/1814, cuirtear de chúram ar an gCoimisiún faireachán leanúnach a dhéanamh ar fheidhmiú an chúlchiste agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcúlchiste ar bhonn anailís ar an margadh le haghaidh lamháltas CTA AE, agus i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a dhéanamh. Tugtar aghaidh sa togra seo ar chonclúid shonrach ón athbhreithniú sin. Ó tháinig an fhoráil maidir le neamhbhailíochtú lamháltas sa chúlchiste i bhfeidhm, neamhbhailíochtaíodh 3,2 billiún lamháltas san iomlán agus athbhunaíodh an chothromaíocht idir soláthar agus éileamh in CTA AE. Dá gceadófaí líon níos mó lamháltas a choinneáil i CCCM seachas iad a neamhbhailíochtú, d'fhéadfaí maolán leachtachta fíor-riachtanach a sholáthar chun doicthe an mhargaidh amach anseo a bhainistiú tar éis lár na 2030idí agus ina dhiaidh sin. Ar an gcúis sin, níor cheart lamháltas sa chúlchiste a neamhbhailíochtú a thuilleadh ionas go gceadófar líon níos mó lamháltas a choinneáil sa chúlchiste. Méadóidh sé sin cumhacht CCCM le haghaidh eisiúintí a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo sna 10 mbliana amach romhainn chun an margadh a chothromú. Rannchuidíonn an leasú spriocdhírithé sin le feidhmiú ordúil, rianúil agus éifeachtúil chreat CTA AE a chosaint. Leis an athbhreithniú a dhéanfar go luath ar CCCM, ar bhonn anailís dhomhain réamhbhreathnaitheach, déanfar measúnú ar oiriúnacht na bparaiméadar a úsáidtear chun a chinneadh an ndéantar iontógálacha nó scaoileadh agus molfar athruithe i gcás inar gá chun é a chur ar a chumas do CCCM leanúint d'aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar chásanna barrachais agus ganntanais araon, chun spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach.

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is uirlis é CCCM chun cobhsaíocht an mhargaidh a chur chun cinn le haghaidh lamháltas astaíochtaí CTA AE. Áirithítear le CCCM go bhfuil CTA AE comhsheasmhach le réimsí beartais eile. Mar shampla, má éiríonn le beartais eile cruthaítear barrachas lamháltas, rud a ionsúnn CCCM. Os a choinne sin, mura n-éiríonn le beartais eile agus má leanann astaíochtaí de bheith ard, tacaíonn CCCM leis an margadh carbóin trí lamháltas bhreise a scaoileadh. Leis an togra seo, déantar athrú spriocdhírithé ar pharaiméadar amháin de CCCM gan difear a dhéanamh dá dhearadh foriomlán agus gan difear díreach a dhéanamh do bheartais eile de chuid an Aontais.

¹ IO L 76, 19.3.2018, lch. 3.

² IO L 264, 9.10.2015, lch. 1.

³ IO L 130, 16.5.2023, lch. 134.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Áirithítear comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais trí chomhsheasmhacht an chreata reachtaigh atá i bhfeidhm chun spriocanna aeráide agus fuinnimh 2030 a bhaint amach. Déantar measúnú air sin sa mheasúnú tionchair a ghabhann le Treoir (AE) 2023/959 lenar leasaíodh Cinneadh (AE) 2015/1814 leis an gcuid eile den phacáiste ‘Oiriúnach do 55’.

2. **BUNÚS DLÍ, COIMHDEACTH AGUS COMHRÉIREACTH**

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí don togra. I gcomhréir le hAirteagail 191 agus 192(1) CFAE, ceanglaítear ar an Aontas Eorpach rannchuidiú le roinnt cuspóirí a bhaint amach. Áirítear orthu sin cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus feabhas a chur uirthi, bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó domhanda, go háirithe, an t-athrú aeráide a chomhrac. Rannchuidíonn CTA AE leis an athrú aeráide a chomhrac, agus tá ról tábhachtach ag CCCM in oibriú CTA AE mar uirlis le haghaidh chobhsaíocht an mhargaidh maidir le lamháltais a bunaíodh le Treoir 2003/87/CE.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Is fadhb thrasteorann é an t-athrú aeráide, agus déanann gníomhaíocht chomhordaithe an Aontais gníomhaíocht náisiúnta agus áitiúil a fhorlíonadh agus a threisiú ar bhealach níos éifeachtaí ná gníomhaíocht neamhchomhordaithe. Fágann comhordú ar leibhéal an Aontais go bhfuil an gníomhú ar son na haeráide níos éifeachtaí.

Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí CTA AE, a oibríonn mar chóras uile-Aontais ar bhealach atá comhchuibhithe go hiomlán, a bhaint amach go leordhóthanach agus iad ag gníomhú go haontaobhach. Mar gheall ar scála agus éifeachtaí an chórais, is fearr is féidir na cuspóirí sin a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, ós rud é gur uirlis é CCCM le haghaidh chobhsaíocht an mhargaidh maidir le lamháltais astaíochtaí CTA an Aontais a bunaíodh le Treoir 2003/87/CE, ní féidir a chuspóir a bhaint amach go leordhóthanach trí ghníomhaíocht neamhchomhordaithe na mBallstát. Is beart de chuid an Aontais é Cinneadh (AE) 2015/1814 atá ann cheana sa réimse maidir leis an athrú aeráide a chomhrac. I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CFAE, ní féidir leasú a dhéanamh air, mar a dhéantar sa togra seo, ar an leibhéal náisiúnta ná ar an leibhéal áitiúil, ach teastaíonn gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ina leith.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta toisc nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun sprioc an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú do 2030 a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach agus feidhmiú cuí an mhargaidh maidir le lamháltais astaíochtaí CTA an Aontais a bunaíodh le Treoir 2003/87/CE á áirithiú.

- **An rogha ionstraime**

Is é cinneadh an ionstraim iomchuí le haghaidh leasú spriocdhírithé ar an gcinneadh lenar bunaíodh CCCM.

3. **TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Meastar sa togra an taithí a fuarthas ó CCCM a oibriú agus ó neamhbhailíochtú lamháltas a choinnítear i CCCM os cionn leibhéal áirithe ó bhí 2023 ann. Le feidhmiú CCCM, tríd an sásra iontógála agus neamhbhailíochtúcháin, comhlíonadh go rathúil a chuspóir maidir le deireadh a chur leis an mbarrachas stairiúil lamháltas a carnadh ó ghéarchéim eacnamaíoch 2008 ar an iomlán agus le húsáid dhíreach creidmheasanna idirnáisiúnta in CTA AE, agus ar an gcaoi sin athbhunaíodh muinín sa chóras agus tacaítear le comhartha láidir faoi phraghas an charbóin.

Ón uair a thosaigh CCCM ag feidhmiú in 2019, ba é a iontógáil oibríochtúil iomlán go dtí deireadh 2024 2,7 billiún lamháltas, iontógáil ba mhó go mór — in éineacht leis na 900 milliún lamháltas ón tsiarchoinneáil lamháltas in 2014 go 2016 a cuireadh sa chúlchiste — ná an barrachas stairiúil⁴. As na sealúchais sin i CCCM, neamhbhailíochtaíodh 3,2 billiún lamháltas faoi dheireadh 2024.

Bhain CCCM a chuspóir sonracha amach go rathúil, is é sin an barrachas stairiúil sa mhargadh lamháltas a laghdú. Thángthas ar an gconclúid san athbhreithniú gur cheart, sna deich mbliana amach romhainn, sealúchais níos mó a bheith ag an gcúlchiste ná an teorainn 400 milliún atá ann faoi láthair, chun go mbeifear in ann scaoilte a dhéanamh chun an margadh a chothromú. Dá bhrí sin, ba cheart scor de neamhbhailíochtú lamháltas atá sa chúlchiste chun go bhfanfaidh líon níos mó lamháltas sa chúlchiste.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Cuireann an togra leis an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara ó athbhreithniú 2021 ar CTA AE agus CCCM agus leis an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara le haghaidh athbhreithniú 2026 ar CTA AE agus CCCM atá ar na bacáin. Nuair a cuireadh ceist orthu faoi athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo ar CCCM, ba é an t-athrú ba mhinice a measadh a bheith tábhachtach sa chomhairliúchán poiblí an riail neamhbhailíochtúcháin a choigeartú le haghaidh sealúchais sa chúlchiste chun í a ardú os cionn 400 milliún lamháltas. Ba é an míniú a tugadh ar an seasamh sin go raibh CCCM éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar bharrachas an mhargaidh agus gur gá leachtacht an mhargaidh a áirithiú agus idirghabháil níos láidre a dhéanamh chun luaineacht praghsanna a chosc amach anseo.

Cuireann an togra a thuilleadh le haiseolas ó na Ballstáit agus le plé rialta le húdaráis inniúla náisiúnta agus leis na páirtithe leasmhara maidir le saincheisteanna éagsúla a bhaineann le cur chun feidhme CTA AE d'fhonn a fheidhmiú agus a éifeachtacht a fheabhsú.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ar bhonn na n-imthosca sin agus na hamlíne, bhailigh an Coimisiún aiseolas ó na Ballstáit agus ó na páirtithe leasmhara ar na bearta is fearr chun cuspóirí an togra a bhaint amach

⁴ In 2012, bhí barrachas stairiúil 917 milliún lamháltas de chuid an Aontais Eorpaigh (EUAnna) ann. Ós rud é gurbh é 1750 milliún lamháltas de chuid an Aontais Eorpaigh méid tosaigh an lín iomlán lamháltas i gcúrsaíocht in 2012, is féidir a mheas gur barrachas stairiúil é gach rud os cionn uastairseach MSR de 833 mhilliún lamháltas de chuid an Aontais Eorpaigh.

maidir le feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh le haghaidh lamháltais astaíochtaí CTA AE.

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh measúnú tionchair ar leith le haghaidh an togra seo, ós rud é gur thairbhígh sé den obair a rinneadh le haghaidh mheasúnú tionchair CTA AE agus CCCM ar an togra foriomlán maidir le hathbhreithniú atá beartaithe lena ghlacadh ag an gCoimisiún i mí Iúil 2026. Thairis sin, cuirtear de chúram ar an gCoimisiún faoi Chinneadh (AE) 2015/1814 faireachán leanúnach a dhéanamh ar fheidhmiú an chúlchiste agus, más gá, athbhreithnithe a mholadh chun feabhas a chur ar an éifeachtacht, ar an riarachán agus ar an gcur i bhfeidhm praiticiúil ar bhonn an fhaireacháin. Thairis sin, rannchuidíonn roinnt gnéithe den mheasúnú tionchair a ghabhann le Treoir (AE) 2023/959, lenar leasaíodh CCCM, leis an measúnú ar an athrú spriocdhírithé ar CCCM sa togra seo.

Ba é cuspóir sonrath na rialach neamhbhailíochtúcháin cuidiú leis an mbarrachas stairiúil sa mhargadh lamháltas a laghdú ar bhealach intuairtha, rud a chuirfeadh le cuspóir foriomlán CCCM cobhsaíocht agus athléimneacht fhadtéarmach an mhargaidh a áirithiú. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh cineál éiginnte na tairisí neamhbhailíochtúcháin atá ann faoi láthair ag teacht go barrmhaith le riachtanais an mhargaidh atá faoi athrú agus leis an uasteorainn atá ag laghdú. Trí scor de neamhbhailíochtuithe, is féidir comhthiomsú níos mó lamháltas a dhéanamh sa chúlchiste, agus ar an gcaoi sin cuirtear maolán leachtachta ar fáil chun doicthe an mhargaidh amach anseo a bhainistiú ó lár na 2030idí agus ina dhiaidh sin. Léiríodh san anailís a rinneadh i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar CTA atá beartaithe lena ghlacadh ag an gCoimisiún i mí Iúil 2026 go bhfuil gá le togra mear chun scor de neamhbhailíochtú lamháltas a choinnítear sa chúlchiste a luaithe is féidir chun go mbeidh líon níos mó lamháltas in ann fanacht sa chúlchiste.

I gcomhthéacs an mhargaidh atá faoi athrú, leis an laghdú ar an mbarrachas stairiúil agus doicthe réamh-mheasta an mhargaidh, tuartar go laghdóidh neamhbhailíochtú leanúnach an soláthar lamháltas carnach sa mhargadh a bheidh ar fáil sna blianta amach romhainn in CTA AE, rud a mhéadóidh ganntanas foriomlán sa mhargadh agus as a dtiocfaidh praghsanna níos airde sa lá atá inniu ann agus amach anseo araon. Beidh tionchar aige sin, dá réir sin, ar chuspóir foriomlán CCCM cobhsaíocht agus athléimneacht an mhargaidh a áirithiú san fhadtéarma.

Dá bhrí sin, déantar foráil sa togra seo maidir le leasú spriocdhírithé ar CCCM chun scor den neamhbhailíochtú, gan dearadh foriomlán CCCM a athrú. Is é is cuspóir dó feabhas a chur ar a chumas cobhsaíocht agus athléimneacht an mhargaidh amach anseo a áirithiú ar bhonn faisnéis atá cothrom le dáta trí líon níos mó lamháltas a cheadú chun fanacht sa chúlchiste mar mhaolán leachtachta agus cobhsaíochta.

- **Ceartha bunúsacha**

Leis an togra seo, urramaítear na ceartha bunúsacha agus na prionsabail a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh⁵. Leis an togra seo, cuirtear leis an gculpóir maidir le hardleibhéal cosanta don chomhshaol i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe a leagtar síos in Airteagal 37 den Chairt.

⁵ IO C 326, 26.10.2012, lch. 391.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Gineann CTA ioncam mór le haghaidh bhuiséid na mBallstát, agus d'fhéadfadh an togra difear indéireach a dhéanamh do na buiséid náisiúnta go príomha mar gheall ar an nasc sin. Leis an togra, rannchuidítear freisin le feabhas a chur ar intuarthacht fhadtéarmach praghsanna do na Ballstáit trí luaineacht praghsanna a laghdú.

Ní bheidh gá le méadú ar acmhainn bhuiséadach an Choimisiúin chun an togra seo a chur chun feidhme, mar a leagtar amach sa ráiteas reachtach airgeadais agus digiteach atá i gceangal leis seo.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar leasú spriocdhírthe leis an togra ar an bhforáil i CCCM lena neamhbhailíocheáitear lamháltais a choinnítear sa chúlchiste os cionn leibhéal áirithe. Cuireann an togra le conclúidí an mheasúnaithe tionchair le haghaidh athbhreithniú 2021 ar CTA AE agus CCCM. Cuirtear san áireamh ann freisin aiseolas ó thromlach na mBallstát agus ó na páirtithe leasmhara eile i gcomhthéacs athbhreithniú 2026 ar CTA agus CCCM chomh maith le mionanailís eacnamaíoch a rinneadh mar chuid den athbhreithniú sin.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leagtar síos sa togra dáta deiridh le haghaidh na forála sa Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh lena ndéantar lamháltais CTA AE os cionn leibhéal 400 milliún a neamhbhailíocheáil.

Ó cuireadh tús le cur i bhfeidhm Airteagal 1(5a) den Chinneadh maidir le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh in 2023, lena ndéantar foráil maidir le lamháltais a choinnítear sa chúlchiste os cionn leibhéal áirithe a neamhbhailíocheáil, neamhbhailíocheáil 3,2 billiún lamháltas san iomlán agus athbhunaíodh an chothromaíocht idir soláthar agus éileamh in CTA AE. Dá bhrí sin, tá an fhoráil neamhbhailíocheáil tar éis a cuspóir a chomhlíonadh. Ba cheart di scor d'fheidhm a bheith aici ó dháta theacht i bhfeidhm an leasaithe seo. Dá luaithe a ghlacfar an togra, is ea is mó a d'fhéadfaí cosc a chur ar lamháltais a neamhbhailíocheáil agus d'fhéadfaí iad a choinneáil i CCCM.

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a bhaineann le scor de neamhbhailíochtú lamháltas i gcúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Comhaontú Pháras, a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, arna fhorghéarú le ceann an Aontais Eorpaigh le Cinneadh (AE) 2016/1841³ ón gComhairle ('Comhaontú Pháras'), tháinig sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2016. Chomhaontaigh na Páirtithe i gComhaontú Pháras an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta.
- (2) Le Cinneadh (AE) 2015/1814⁴ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, bunaíodh cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le míchothromaíochtaí soláthair agus éilimh i margadh carbóin na hEorpa agus chun feabhas a chur ar a athléimneacht in aghaidh suaití.
- (3) Léirítear in anailís ar fheidhmiú ordúil mhargadh carbóin na hEorpa agus cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 3 de Chinneadh (AE)

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

³ Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IO L 282, 19.10.2016, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2016/1841/oj>).

⁴ Cinneadh (AE) 2015/1814 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2015 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú i gcomhair scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE (IO L 264, 9.10.2015, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1814/oj>).

2015/1814 nár cheart lamháltais a choinnítear sa chúlchiste os cionn 400 milliún lamháltas a mheas a thuilleadh mar lamháltais neamhbhailí chun intuarthacht fhadtéarmach an mhargaidh a mhéadú.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2015/1814 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 5 de Chinneadh (AE) 2015/1814, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

‘Scoirfidh Airteagal 1(5a) d’fheidhm a bheith aige ón [cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an ghnímh seo].’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

Clár

1.	FRAMEWORK OF THE PROPOSAL/INITIATIVE.....	3
1.1.	Title of the proposal/initiative.....	3
1.2.	Policy area(s) concerned	3
1.3.	Objective(s).....	3
1.3.1.	General objective(s)	3
1.3.2.	Specific objective(s).....	3
1.3.3.	Expected result(s) and impact	3
1.3.4.	Indicators of performance	3
1.4.	The proposal/initiative relates to:.....	3
1.5.	Grounds for the proposal/initiative	3
1.5.1.	Requirement(s) to be met in the short or long term including a detailed timeline for roll-out of the implementation of the initiative	3
1.5.2.	Added value of EU involvement (it may result from different factors, e.g. coordination gains, legal certainty, greater effectiveness or complementarities). For the purposes of this section 'added value of EU involvement' is the value resulting from EU action, that is additional to the value that would have been otherwise created by Member States alone.	4
1.5.3.	Lessons learned from similar experiences in the past.....	4
1.5.4.	Compatibility with the multiannual financial framework and possible synergies with other appropriate instruments.....	4
1.5.5.	Assessment of the different available financing options, including scope for redeployment.....	4
1.6.	Duration of the proposal/initiative and of its financial impact	5
1.7.	Method(s) of budget implementation planned	5
2.	MANAGEMENT MEASURES.....	7
2.1.	Monitoring and reporting rules	7
2.2.	Management and control system(s)	7
2.2.1.	Justification of the budget implementation method(s), the funding implementation mechanism(s), the payment modalities and the control strategy proposed.....	7
2.2.2.	Information concerning the risks identified and the internal control system(s) set up to mitigate them.....	7
2.2.3.	Estimation and justification of the cost-effectiveness of the controls (ratio between the control costs and the value of the related funds managed), and assessment of the expected levels of risk of error (at payment & at closure).....	7
2.3.	Measures to prevent fraud and irregularities.....	7
3.	ESTIMATED FINANCIAL IMPACT OF THE PROPOSAL/INITIATIVE.....	8

3.1.	Heading(s) of the multiannual financial framework and expenditure budget line(s) affected.....	8
3.2.	Estimated financial impact of the proposal on appropriations.....	9
3.2.1.	Summary of estimated impact on operational appropriations.....	9
3.2.1.1.	Appropriations from voted budget.....	9
3.2.2.	Estimated output funded from operational appropriations (not to be completed for decentralised agencies).....	10
3.2.3.	Summary of estimated impact on administrative appropriations.....	12
3.2.3.1.	Appropriations from voted budget.....	12
3.2.4.	Estimated requirements of human resources.....	12
3.2.4.1.	Financed from voted budget.....	12
3.2.5.	Overview of estimated impact on digital technology-related investments.....	13
3.2.6.	Compatibility with the current multiannual financial framework.....	13
3.2.7.	Third-party contributions.....	14
3.3.	Estimated impact on revenue.....	14
4.	DIGITAL DIMENSIONS.....	14
4.1.	Requirements of digital relevance.....	14
4.2.	Data.....	14
4.3.	Digital solutions.....	14
4.4.	Interoperability assessment.....	15
4.5.	Measures to support digital implementation.....	15

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Cinneadh ón gCoimisiún ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1814 a mhéid a bhaineann le scor de neamhbhailíochtú lamháltas i gcúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Gníomhaíocht ar son na haeráide

Ceannteideal 3 – Acmhainní nádúrtha agus an comhshaol

Teideal 9 – An comhshaol agus gníomhaíocht ar son na haeráide

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is aidhm don togra feabhas a chur ar éifeachtacht chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh i ndáil leis an gcothromaíocht idir soláthar agus éileamh.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Déantar foráil sa togra maidir le leasuithe spriocdhírithé ar pharaiméadair chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Meastar go gcuirfidh an togra feabhas ar leachtacht, cobhsaíocht agus intuarthacht mhargadh CTA AE.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Leis an gcúlchiste, tugtar aghaidh ar an gcothromaíocht struchtúrach i ndáil le soláthar-éileamh le haghaidh lamháltais sa mhargadh.

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

beart nua

beart nua a leanann treoirhionscadal / réamhbheart¹⁰

✓ síneadh ar bheart atá ann cheana

beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

An leasú spriocdhírithé ar pharaiméadair chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh.

¹⁰ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

- 1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocho na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Is ionstraim uile-Aontais é córas trádála astaíochtaí an Aontais.

- 1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

I bhfianaise na sprice maidir le hastaíochtaí a laghdú le haghaidh 2030 agus an chuspóra aeráidneodrachta le haghaidh 2050, tá gá le gníomhaíocht níos láidre ón Aontas, lena n-áirítear trí mhargadh carbóin níos éifeachtaí, níos dea-fheidhmiúla agus níos athléimní a áirithiú.

- 1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Comhlánaíonn an togra an creat beartais atá ann cheana.

Tá sé comhoiriúnach do chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027.

- 1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

-

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige

tréimhse theoranta

- i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB
- tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

tréimhse neamhtheoranta

- Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,
- agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme

Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

- ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

Bainistíocht atá comhroinnte leis na Ballstáit

Bainistíocht indíreach trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad
- eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)
- an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta
- comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais
- comhlachtaí dlí poiblí
- comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh
- comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha
- comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha
- comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhíseacha, agus ar

ráthaíochtaí iad a d'fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d'uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

Leanfaidh an fhoireann atá ann faoi láthair den tionscnamh a bhainistiú. Níl foireann bhreise de dhíth.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Cuireann an togra leis an Dlí Aeráide Eorpach, lena n-áirítear na measúnuithe céanna atá le déanamh ag an gCoimisiún (mar atá cheana féin). Cuireann an Dlí Aeráide Eorpach leis an gcreat láidir trédhearcachta le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa agus le faisnéis aeráide eile a leagtar amach sa Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, seachas sruthanna tuairiscithe breise na mBallstát a chruthú.

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Neamhbhainteach. Leis an togra, ní chuirtear clár airgeadais chun feidhme ach ceaptar beartas fadtéarmach. Ní bhaineann modh bainistíochta, sásraí chun cistiú a chur chun feidhme, módúlachtaí socrúithe íocaíochta agus straitéisí rialaithe i ndáil le rátaí earráide le hábhar.

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

Faoin Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí, déanann an Coimisiún measúnú tráthrialta ar dhul chun cinn le moltaí agus bearta breise a d'fhéadfadh a bheith ann.

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)

Ní eascraíonn rialuithe/rioscaí móra nua nach gcumhdófaí le creat rialaithe inmheánaigh atá ann cheana féin mar gheall ar an tionscnamh seo. Níor beartaíodh aon bheart sonrath seachas cur i bhfeidhm an Rialacháin Airgeadais.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Níor beartaíodh aon bheart sonrath seachas cur i bhfeidhm an Rialacháin Airgeadais.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN ¹¹ .	ó thiortha de chuid CSTE ¹²	ó thiortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a ¹³	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
3	09.02.03.00	LD	TÁ	TÁ	NÍL	TÁ
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne bhuiséid	Cineál caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir	LD/LN	ó thiortha de chuid CSTE	ó thiortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasach a	Ó thríú tíortha eile	ioncam sannta eile
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL
	[XX.YY.YY.YY]	LD/LN	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL	TÁ/NÍL

¹¹ LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdifreáilte.

¹² CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

¹³ Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

- ✓ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil	Uimhir	
---	--------	--

Ard-Stiúrthóireacht: <.....>			Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN CAI 2021-2027
			2024	2025	2026	2027	
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí							
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1a)					0,000
	Íocaíochtaí	(2a)					0,000
Líne bhuiséid	Gealltanais	(1b)					0,000
	Íocaíochtaí	(2b)					0,000
Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrath							
Líne bhuiséid		(3)					0,000
IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS <.....>	Gealltanais	=1a+1b+3	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
	Íocaíochtaí	=2a+2b+3	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
	Íocaíochtaí	=2a+2b+3	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

			Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN CAI 2021-2027
			2024	2025	2026	2027	
IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair	Gealltanais	(4)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

oibríochtaí	Íocaíochtaí	(5)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrath		(6)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANTEIDEAL <...>								
Gealltanais		=4+6	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
den chreat airgeadais ilbhliantúil		Íocaíochtaí	=5+6	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (níl sé seo le líonadh isteach i gcás gníomhaireachtaí dilárathie)

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanais in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir			Bliain 2024		Bliain 2025		Bliain 2026		Bliain 2027		Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach Roinn 1.6)						IOMLÁN		
	ASCHUIR																		
	↓	Cineál ¹⁴	Meán chostas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas	Líon	Costas
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1 ¹⁵ ...																			
- Aschur																			
- Aschur																			
- Aschur																			

¹⁴ Is éard atá in aschuir táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g. an líon malartuithe mac léinn a maoiníodh, an líon iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

¹⁵ Mar a thuairiscítear i Roinn 1.3.2. ‘Cuspóirí sonracha’

Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1																		
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2...																		
- Aschur																		
Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2																		
IOMLÁIN																		

3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain	Bliain	Bliain	Bliain	IOMLÁN 2021 - 2027
	2024	2025	2026	2027	
CEANNTÉIDEAL 7					
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Caiteachas riaracháin eile	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán CEANNTÉIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Lasmuigh de CEANNTÉIDEAL 7					
Acmhainní daonna	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Caiteachas eile de chineál riaracháin	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán lasmuigh de CEANNTÉIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN					
	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh acmhainní daonna
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar

Sloinnfeadh an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
• Poist don phlean bunáochta (oifigigh agus foireann shealadach)				
20 01 02 01 (Ceannteathrú agus Oifigí Ionadaíochta an Choimisiúin)	0	0	0	0
20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais)	0	0	0	0
01 01 01 01 (Taighde indéireach)	0	0	0	0
01 01 01 11 (Taighde díreach)	0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh)	0	0	0	0
• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)				
20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch')	0	0	0	0
20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais)	0	0	0	0
Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY]	- sa cheanncheathrú	0	0	0
	- i dToscaireachtaí an Aontais	0	0	0
01 01 01 02 (AC, END - Taighde indéireach)	0	0	0	0
01 01 01 12 (AC, END - Taighde díreach)	0	0	0	0

Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7	0	0	0	0
Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Ceannteideal 7	0	0	0	0
IOMLÁN	0	0	0	0

3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha

Éigeantach: na hinfeistíochtaí atá i gceist leis an togra/tionscnamh seo arb infheistíochtaí iad a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ba cheart meastachán chomh maith agus is féidir ina dtaobh a chur sa tábla thíos.

Go heisceachtúil, ba cheart na leithreasuithe faoi Ceannteideal 7 a chur sa líne atá ainmnithe chuige sin, i gcásanna inar gá sin chun an togra/tionscnamh a chur chun feidhme.

Is mar ‘Chaitheachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla’ is ceart na leithreasuithe faoi Ceannteidil 1-6 a chur in iúl. Is é rud dá dtagraíonn an caitheachas sin an buiséad oibríochtúil atá le húsáid i gcomhair athúsáid/ ceannach/ forbairt ardán/uirlisí TF atá nasctha go díreach le cur chun feidhme an tionscnaimh, agus i gcomhair na n-infheistíochtaí a bhaineann leis na hardáin/uirlisí sin (e.g. ceadúnais, staidéir, stóráil sonraí etc). An fhaisnéis a sholáthraítear sa tábla seo, ba cheart í a bheith comhsheasmhach leis na mionsonraí a chuirtear i láthair faoi Roinn 4 ‘Gnéithe digiteacha’.

IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	IOMLÁN CAI 2021 - 2027
CEANNTIDEAL 7					
Caiteachas TF (corparáideach)	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán CHEANNTIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7					
Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTIDEAL 7	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000
IOMLÁN	0,000	0,000	0,000	0,000	0,000

3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)

Níl acmhainní breise de dhíth. Leanfaidh an fhoireann atá ann faoi láthair den tionscnamh a bhainistiú.

- is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid
- is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI

3.2.7. Ranniocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

- ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

	Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027	Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe					
IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe					

3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam

- Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.
- Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:
 - ar acmhainní dílse
 - ar ioncam eile
 - má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Líne buiséid ioncaim:	Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha	Tionchar an togra/tionscnaimh ¹⁶			
		Bliain 2024	Bliain 2025	Bliain 2026	Bliain 2027
Airteagal					

4. GNÉITHE DIGITEACHA

4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha

Níl ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha ann.

4.2. Sonraí

Níor sainaithníodh aon cheanglas a bhaineann le cúrsaí digiteacha.

4.3. Réitigh dhigiteacha

Níor sainaithníodh aon cheanglas a bhaineann le cúrsaí digiteacha.

¹⁶ A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

4.4. *Measúnú idir-inoibritheachta*

Níor sainathnódh aon cheanglas a bhaineann le cúrsaí digiteacha.

4.5. *Beartha chun tacú le cur chun feidhme digiteach*

Níor sainathnódh aon cheanglas a bhaineann le cúrsaí digiteacha.